

Ó thús na Bealtaine seo caite tá athruithe fógraithe ag an Roinn Oideachais maidir le seirbhísí oideachais speisialta sna bunscoileanna. Anseo déanann **Mairéad Ní Chualáin**, oide scoile i Scoil an Droma, Leitir Móir, cur síos ar na hathruithe atá tarlaithe agus an imní mhór ar thuismitheoirí agus ar mhúinteoirí i gCeantar na nOileán

Ciorraithe in Oideachas Speisialta

Tá forbairt agus athruithe shonracha tarlaithe i gcúrsaí oideachais in Éirinn ó thosaigh mise ag múineadh i dtús na n-ochtóidí. Ag an am sin is beag cúnamh breise a bhí páistí a raibh deacrachtaí foghlama acu a fháil. Ní raibh ach líon beag múinteoirí feabhais sa tír agus bhí a bhformhór sin ag obair i scoileanna móra cathrach.

Cuireadh leis an tseirbhís feabhais de réir a chéile i rith na n-ochtóidí. Foilsíodh treoirlínte don Oideachas Feabhais sa mbliain 1988. Fostaíodh níos mó múinteoirí feabhais i gceantair tuaithe ag obair i gcnuasach scoileanna. I rith na n-ochtóidí freisin, thosaigh "Muintearas, An Togra Oideachais Gaeltachta" ag forbairt múnla oideachais feabhais a bheadh feiliúnach do cheantair Ghaeltachta. Tharraing Muintearas aird ar na fadhbanna sonracha a bhí ag múinteoirí feabhais i gceantair Ghaeltachta nuair nach raibh aon ábhar teagaisc trí Ghaeilge ar fáil.

Mar thoradh ar an taighde agus an dul chun cinn ar fad

tháinig athrú mór go náisiúnta ar an dearcadh i leith páistí le míchumas agus a raibh deacrachtaí foghlama acu. Glacadh le páistí le mí-chumas isteach sna gnáthranganna le tacaíocht ó mhúinteoir feabhais. Sa mbliain 2000 foilsíodh treoirlínte nua le haghaidh tacaíocht foghlama. De réir na dtreoirlínte nua is í an phríomhaidhm tacaíochta foghlama ná - an leas is fearr is féidir a bhaint as an bpróiseas múinteoireachta chun cabhrú le daltaí a bhfuil fadhbanna acu leibhéil shásúla inniúlachta sa litearthacht agus san uimhríocht a bhaint amach sula bhfágann siad an bhunscoil. Thosaigh mise ag múineadh i scoil dhá oide i gceantar na nOileán i dtús na n-ochtóidí. Ó shin i leith tháinig an-fhorbairt ar an gcóras oideachais feabhais sa gceantar seo. Bhí *múinteoir acmhainní foghlama* ag freastal ar idir seacht scoil ag tacú le páistí a raibh deacrachtaí foghlama ginearálta acu. Ansin thart ar chúig bhliana ó shin fostaíodh *múinteoirí acmhainní* chun freastal ar pháistí a raibh riachtanais speisialta acu ar nós - fadhbanna teanga,

uathachas, ADHD agus rcl.

Bhí uaireanta faoi leith ceadaithe ag an Roinn Oideachais in aghaidh na seachtaine do na páistí seo agus bhraith an méid uaireanta ar an bhfadhb a bhí ag an bpáiste agus ar an tuairisc ón síceolaí nó ón teiripí cainte a bhí seolta ar aghaidh go dtí an Roinn. Idir na seacht scoil i gCeantar na nOileán fostaíodh triúr *múinteoirí acmhainní*. Thóg na *múinteoirí acmhainní* seo cuid den ualach oibre a bhí ar an múinteoir acmhainní foghlama agus cé go raibh an múinteoir seo fós ag freastal ar sheacht scoil bhí am aici díriú isteach ar idirghabháil luath sna naíonáin chun fadhbanna a sheachaint níos deireanaí do na páistí. Mar a luaigh mé níos túisce bhí fadhbanna sonracha aitheanta i leith páistí Gaeltachta de bharr easpa ábhair agus acmhainní a bheith curtha ar fáil trí Ghaeilge. D'oibrigh na múinteoirí acmhainní agus an múinteoir tacaíochta foghlama an-chrua chun ábhar a chruthú do na páistí, bhí an-chomhoibriú eatarthu féin agus na síceolaithe agus an teiripí cainte. Mar



Mairéad Ní Chualáin.

thoradh bhí saineolas ar leith ag na múinteoirí seo a bheith ag plé le páistí Gaeltachta agus d'fheil an córas seo do cheantair tuaithe agus do cheantair Gaeltachta.

Thuig muid go raibh athbhreithniú a dhéanamh ag an Roinn Oideachais ar an gcóras seo an bhliain seo caite agus bhí muid ag fanacht le toradh an athbhreithnithe sin.

I mí Bealtaine i mbliana sheol an Roinn amach litreacha chuig na scoileanna ar fad ag míniú an athrú a bhí le theacht ar an gcóras Oideachas Speisialta sa tír. D'fhógair an t-Aire Mary Hanafin go raibh 660 post nua le cruthú sa chóras.

De réir an chórais nua bronnadh uaireanta ar gach scoil

“ Tá deacrachtaí móra againn leis an gcóras nua. Níl sé feiliúnach do cheantar tuaithe, áit a bhfuil uimhreacha íseal sna scoileanna ”

ag brath ar an méid páistí a bhí ar an rolla, ní ar riachtanais na bpáistí. Athraíodh an critéir a bhí i bhfeidhm chun na páistí le deacrachtaí speisialta a aithint. Cuireadh na páistí le deacrachtaí ginearálta foghlama, gasúir le dyslexia, isteach faoi chúram múinteoir tacaíochta foghlama. D'fhág sé seo go raibh laghdú mór tagtha ar an líon páistí a bheadh ag freastal ar mhúinteoirí acmhainní. Mar thoradh ar na hathruithe seo, bhí an-díomá orainne sa ghrúpa seacht scoil anseo go raibh muid ag cailleadh beirt mhúinteoirí sa gceantar. Tá deacrachtaí móra againn leis an gcóras nua. Níl sé feiliúnach do cheantar tuaithe, áit a bhfuil uimhreacha íseal sna scoileanna. Tá post an mhúinteora acmhainní déanta sealadach anois rud a chiallaíonn go mbeidh sé fiordheacair múinteoirí le taithí a fhostú agus a choinneáil. I mo thuairim is céim ar gcúl atá anseo maidir le

hoideachas speisialta.

Tá beirt mhúinteoirí buan sa ngrúpa seo anois agus faoi láthair tá muid ag iarraidh dhá phost páirtaimseartha a líonadh. Tá beirt de na múinteoirí seo a raibh an-saineolas agus an-suim acu a bheith ag obair le páistí a mbíonn deacrachtaí foghlama ag dul dóibh tar éis an ceantar a fhágáil anois. Is buile tromchúiseach é do na páistí a bhí faoina gcúram. Tógann sé píosa fada ar na páistí seo aithne a chur ar mhúinteoir agus muinín a bheith acu astu. Bhí comhoibriú idir na múinteoirí seo agus thuismitheoirí na bpáistí. Ó tharla go bhfuil post múinteoirí acmhainní déanta sealadach anois is iad na páistí is measa sa gcóras a bheas thíos leis mar shampla páistí le huathachas (*autism*) agus páistí a mbíonn deacrachtaí speisialta teanga acu.

Gheall an Roinn i Meitheamh go mbeadh treoirlínte ar fáil chun an córas seo a mhíniú níos fearr ach ní bhfuair muid aon treoirlínte fós agus tá an scoil ar oscailt ar feadh seachtaine anois. Chuir muid i gCeantar na nOileán i gcomhar le Comhairle Ceantar na nOileán agus le thuismitheoirí na háite ár gcuid gearán in iúl don Roinn Oideachais agus do pholaiteoirí áitiúla ach níor tháinig aon athrú ar an scéal. Feileann an córas seo scoileanna móra a bhfuil uimhreacha móra páistí iontu. Beidh sé soiléir dár liom ag deireadh na bliana seo chugainn gur céim siar atá sa gcóras seo do scoileanna beaga tuaithe ar fud na hÉireann, agus go bhfuil faillí mór a dhéanamh ar na páistí is mó a dteastaíonn freastal rialta, leanúnach uathu. Beidh an athbhreithniú a dhéanfar ar an gcóras nua seo spésiúil amach anseo.